Gaeltacht Mhúscraí

# Nollaig Shona daoibh go léir




**www.gaeltachtmhuscrai.ie**

Comharchumann Forbartha Mhúscraí

Údarás na Gaeltachta

Gaeltacht na hÉireann

gteic @BÉAL ÁTHA AN GHAORTHAIDH

Grá Mhúscraí

Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council

# AN NOLLAIG
## i gContae Chorcaí

**Tacaigh le do Ghnólachtaí Áitúla, scaip an scéal agus caith an Nollaig i gContae Chorcaí!**

**Dúirt Méara Chontae Chorcaí, an Comhairleoir, Frank O'Flynn,**
"Is am foirfe í an Nollaig chun tacú lenár ngnólachtaí, siopaí agus soláthraithe áitiúla agus meas a bheith againn orthu. Cad faoi bheith lánpháirteach in atmaisféar iontach na Nollag i mbailte agus sráidbhailte ar fud an chontae agus tú ag cuardach le haghaidh bronntanas uathúil a tháirgtear go háitiúil do na daoine is ansa leat. Trí shiopadóireacht a dhéanamh go háitiúil, is féidir linn cur le fás agus rathúnas ár bpobal."

**Níl rud ar bith cosúil leis an Nollaig i gContae Chorcaí.**



**Guíonn Comhairle Contae Chorcaí Nollaig Shona agus Athbhliain faoi Shéan oraibh.**

# Gaeltacht Mhúscraí






Suíomh idirlín nua ag cur Gaeltacht Mhúscraí chun cinn

New Site promoting Gaeltacht Mhúscraí

**www.gaeltachtmhuscrai.ie**

## Ceannaigh go hÁitiúil

Shop local

## Rudaí le déanamh

Things to do

## Féiríní na Nollag

Christmas Presents

| | |
|---|---|
| Imeachtaí | Events |
| Siúlóidí | Walks |
| Féiríní | Shopping |
| Bialanna | Eating out |
| Lóistín | Accommodation |
| Siopaí | Local produce |
| Ceol | Music |
| Ealaíontóirí | Artists |
| Ceardaíocht | Crafts |

# Seaimpíní na Mumhan




# Coiste Chill na Martra




Tá éacht bainte amach ag muintir Chill na Martra i mbliana. Gura fada buan é.

The people of Cill na Martra are on a roll in 2023. Long may it continue.

**Sonas, Soilse, Sólaistí...**
**Féiríní, Ceol, agus Dáidi na Nollag.**
**Margadh na Nollag den chéad scoth i gCill na Martra.**
**Comhghairdeas libh go léir.**

Obair mhór idir lámha ag na coisti deonacha

Glór na nGael

GRADAIM
GNÓ NA hÉIREANN

# Buaiteoirí ó Mhúscraí Gradaim Gnó na hÉireann




Seo í chéad bhliain do ghnólachtaí agus ghrúpa pobail ó Mhúscraí a bheith san áireamh  i scéim Ghlór na nGael, Gradaim Gnó na hÉireann. Bhí Eibhlín Ní Lionáird, OPT, gníomhach ag tabhairt cúnamh dóibh.   Éacht déanta. Comhghairdeas libh go léir.

- Linn Snámha Chúil Aodha
- Siopa Ó Luasa
- Óstán Ghobnatan
- Freddie Lynch, Tógálaí
- Folláin
- An Crúisín Lán
- Óstán Guagán Barra







# ÚASDÁTÚ
# FEACHTAS - COMHARTHAÍ BÓTHAIR
# CAMPAIGN UPDATE - ROAD SIGNAGE

## GUTH AN PHOBAIL ABÚ
**Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine**




Is cúis áthais dúinn a chur in iúl daoibh go mbeidh comharthaí nua ag teacht! Rinneadh athbhreithniú ar na comharthaí bóthair agus tá comharthaí nua réidh. Beidh cruinniú leis an Oifig N22 an 13ú Nollaig.

Bhí pobal na háite an-tógtha leis an bhfeachtas. Fuair an Aire Iompáir níos mó na 400 cárta poist go bhfios dúinn agus b'é sin an chéad rud a dúirt sé nuair a chasamar leis. Fuair mé na cártaí poist! Bhí na siopaí go háitiúil dóchreidthe. Bhí litir tacaíochta againn ón Fháilte Éireann, Údarás na Gaeltachta & Conradh na Gaeilge. Tá fhios againn go raibh daoine eile ag obair sa chúlra agus bhí na poiliteoirí gníomhach chomh maith. Maith sibh go léir.










We are delighted to report that there will be new signage for the villages and Gaeltacht Mhúscraí. A review was carried out by the Council and a meeting is set up for 13th Dec to go through the new 'mock-ups' signs.

It was a great campaign backed by this community, and Irish people living abroad. Over 400 postcards were sent to the Minister for Transport, that we are aware of, and this was the first thing he mentioned when we met him. I got your postcards!
The local shops were so great We had letters of support from Failte Ireland, Údarás na Gaeltachta & Conradh na Gaeilge. We also know other people were working in the background to help the campaign and our local politicians were also very active.
Well done everyone.




Toscaireacht chuig an Comhairle Contae (Oifig N22) & chas siad leis an Aire Iompair, Eamon Ryan i Maighchromtha; Néil Ó Luasa, Caroline Ní Nualláin & Gearóid Ó hÉalaithe



# Ag teacht abhaile don Nollaig
# Fan cúpla lá breise






Beidh an Gteic ar oscailt i rith na Nollag ach déan teagmháil le Caroline roimh 21/12/23 ldt.

The Gteic will be open over the Christmas period but please arrange it with Caroline before 21/12/23

Contact:
eolas@muscrai.org
Teil 083 191 5432

# CLUB CÓDÚ

gteic
@BÉAL ÁTHA AN GHAORTHAIDH




Éileamh mór ar na seisiúin.

Táimid buíoch do na ceannairí, Club Códú: Barra Ó Suibhne, Art Ó Liatháin, Dylan de Faoite, Jennifer Uí Chróinín, Lucy Moynihan, Greg Houlihan, agus Club Lego: Conor Ó Cróinín & Kian Dinneen.

Leanfaimid ar aghaidh tar éis na Nollag.



Strong demand for the Club sessions. We plan to continue after Christmas.



# CLUB LEGO

Tuilleadh eolais

Déan teagmháil le Caroline 083 19195432

Comharchumann Forbartha Mhúscraí

Gaeltacht Mhúscraí

Údarás na Gaeltachta

Gaeltacht na hÉireann

# gteic
@BÉAL ÁTHA AN GHAORTHAIDH

**www.muscrai.org/spas oifige**



## Imeachtaí sa Gteic le déanaí
## Recent events in the Gteic



**Oilúna -Courses**
Nasc le Ollscoil Teicneolaíochta don Sionainn.




**Traenála - Training**
Manual Handling, Kinia - robáit, robotics



**Cruinnithe - meetings**
Ar fáil do ghrúpaí áitiúla




**Club Códú & Club Lego**
Ag tosú aríst tar éis na Nollaig
Starting back after Christmas

Technological U. Midlands Midwes
Ollscoil Teicneolai Lar na Tire Lar Th

# Coláiste Íosagáin: Uasdátú



## Dul Chun Cinn i 2023.

- Seachbhóthar oscailte anois.
- Cead Pleanála iomlán in áit ag tógaint an píosa nua ar chúl san áireamh.
- Tairiscintí in áit chun leanúint ar aghaidh leis an togra.
- Athbhrandáil déanta ar an togra. Suíomh idirlín nua á thógáil.
- Faoi láthair ag obair ar iarratas do "Réigiúin Chliste - Scéim Nuálaíochta Fiontar" atá á bhainistiú ag Fiontraíocht Éireann.

Dul Chun Cinn

## Advances made in 2023.

- Macroom By-Pass now in place.
- Full planning permission in place to include new build section to the rear of the building.
- Tenders in place to re-commence work on site at the beginning of 2024.
- Complete rebranding of the project undertaken. New website to be launched shortly.
- In dialogue with Enterprise Ireland with regard to new funding stream which will help address a funding gap issue which has come about as a result of building inflation and the aforementioned new build section.

CAMPAS ÍOSAGÁIN

Údarás na Gaeltachta



## Spriocanna

- Bonn fostaíochta sa cheantar a fheabhsú gus a éagsúlú.
- 100 post ar leibhéal iarchéime a chruthú ag an tsaoráid mar chuid de chéim a haon agus suas go 300 mar chuid den tionscal fíor iomlán.
- Gnólachtaí nuathionscanta a mhealladh chuig an suíomh.
- Córas éicea - ghnó a chruthú a rachaidh chun tairbhe do chuideachtaí nua chomh maith leis na gnólachtaí seanbhunaithe sa cheantar.



Spriocanna

## Objectives

- To enhance and diversify employment base in the area.
- Creation of 100 graduate level jobs at the facility as part of phase 1 and up to 300 as part of the overall project.
- Attraction of Start-Up Business to the location.
- Creation of a business eco system which will benefit new companies as well as those already established in the area.



Objectives



# Nollaig Shona agus Beannacht Dé orabih go léir

**Na hIonaid Lae| Ionad Lae, Baile Bhuirne, Cois Cille, Cill na Martra**
**&**
**Cuan Barra, Béal Átha an Ghaorthaidh**

## DAY CENTRES | IONAD LAE, COIS CILLE & CUAN BARRA



## COMHLACHT TITHE SOISIALTA & FORBARTHA AN TSULÁIN

## COISTE TITHÍOCHTA UIBH LAOIRE

**Two Housing Associations providing social housing & operating 3 Day Centres**

**Ionad Lae**

Beidh an Ionad Lae dúntá ón 23/12/23 agus ag oscailt arís Dé Máirt, an 2ú Eanáir 2024

The Ionad Lae will be closed on 23rd December and will reopen on Tuesday 2nd January 2024.

Imeachtaí/Events and services: For events/services see Facebook page Ionad Lae/ Cois Cille |
Tel: 026 45559

**Cuan Barra**

Cuan Barra | Eolas ar: **www.bealatha.ie**
Nuacht na Seachtaine
Teil: 026 47777

Cuan Barra | Information is available on the website wwwbealatha.ie under the weekly Newsletter
Teil 026 47777



# Scéim Sóisialta Tuaithe

## Rural Social Scheme



*Obair idir lámha, ag obair le ...*

*Current work, working with....*

- Na Bailte Slachmhara
  Helping Tidy Towns
- Na Coistí Pobail
  Village Development Committees
- Slí Gaeltacht Mhúscraí
- Na Cumainn Lúthchleas Gael
  GAA Pitches

**An bhfuil suim agat?**
**Are you interested?**
**Contact Cian 087 1653 765**



Plean Teanga Mhúscraí

Bhí Cruinniú comhairliúcháin ar an Domhnach 29ú de Dheireadh Fómhair le pobal Chúil Aodha taréis Aifrinn in Áras Éamon Mac Suibhne. Sé a bhí ann ná tae is plé ar thogra nua atá idir lámha agamsa ar son an Phlean Teanga, ina beidh Múrmhaisiú á cur ar bheann tí Muintir Iarfhlaithe, atá le h'ais clós an tseipéil i gCúil Aodha.
Tá an Múrmhaisiú bunaithe ar dhán a chum file ó Chúil Aodha a bhain amach clú agus cáil leis an dán, An Peidhleachán. Sin 'An Suibhneach Meann' nó Pádraig Mac Suibhne, duine d' fhilí na dúichí a bhí lárnach in athbhunú na Dámhscoile i 1925. Thug sé leis an chéad áit leis an 'Duais Liric' ag Oireachtas na Gaeilge i 1939 leis an dán chéanna.  Bhí an dán ar siollabas na meánteistiméireacht ar feadh a bhfad.
Gan dabht bé athair le Beitsí ní Shuibhne é, a d'imigh ar shlí na fírinne cúpla bliain ó shin agus Traolach mar aon, beannacht Dé leo. Tá fós inár dteannta buíochas le Dia a mhac Sheáin atá ina chónaí i gCorcaigh agus a h'iníon Máiní Nic Gearailt atá ina cónaí  in aice an Ghaortha i Machromtha, agus bhíodar beirt is a clainne linn i gCúil Aodha don teacht le chéile. Gabhaim míle buíochas dóibh atá ag tacú leis and togra seo.  Chuir an Dearthóir Denis Ó Riordáin léiriúchán den togra ós cóir an pobal ar scáileán.




Comhairliúchán - Dréachtphlean don mhúrmhaisiú



Buaiteoirí:  Oireachtas na Samhna 2023

## Tionólfar
# Dáimhscoil Mhúscraí Uí Fhloinn
## in
## Áras Éamon Mac Suibhne ag 3.00in
## Dé hAoine, 29ú Nollaig 2023

### An Cuireadh
### Gobnait Ní Chrualaoí, Uachtarán



A chairde na páirte, idir fhir agus mhná,
Fearaim rómhaibh fáiltte ó mo chroí
Chun teacht inár láthair chuig Ollscoil na Dáimhe
Ar bhruach an tSuláin i gcroí lár Mhúscraí

Más file nó fáidh thú a bhfuil clú agus cáil ort,
Rannaire dána nó rógaire groí
Scaoil chughainn na dánta dea-chumtha galánta,
Is canaíg amhrán dúinn, nó rabhcán gan bhrí.

Beidh filí ag teacht chughainn ó gach áird in Éirinn
Ó Bhéal Átha'n Ghaorthaidh is ón gcathair cois Laoi
Beidh muintir Chiarraí chughainn ó Bhaile
an Fheirtéirigh
Is cá bhfios ná go dtiocfaidh, mar aoi, Mícheál D!



Ceist atá go mór i mbéal an phobail agus ag spreagadh easaontais is agóidí ná an sléacht atá á dhéanamh ar na Pailistínigh i nGaza, go háirithe ó rinne Hamas íonsaí ar cheolchoirm ag tús mhí Dheireadh Fómhair.
Anseo i Múscraí tabharfar léargas fileata sa tréimhse idir an dhá Nollaig ar a bhfuil ag tarlú sa Mheán Oirthear ag ocáid gaelach ar leith, Dáimh Scoil Mhúscraí, ocáid bliantúil atá ag tarlú um an dtaca seo den bhliain ó 1925.

Beidh fáilte roimh chách go dtí an Dáimh Scoil i mbliana chun a bhfreagraí ar an gCuireadh agus ar an gCeist a chur i láthair. Bíonn deis ag daoine a gcuid saothair eile a aithris - omóis do dhaoine a cailleadh, dánta greannmhara nó sollúnta faoi ocáidí a thárla le linn na bliana nó fadó nó agallaimh beirte, amhráin is lúibíní, gnéithe den traidisiún Gaelach atá cáil ar Mhúscraí ina dtaobh.
Murar féidir leat bheith linn is féidir do dhán(ta) a sheoladh ar riomhphost chuig an Cléireach, concubhar.oliathain@gmail.com. Craolfar buaicphointí na Dáimh Scoile ar An Saol Ó Dheas ar RTÉ Ráidió na Gaeltachta tar éis na h-ocáide.
**Tá tuilleadh eolais ar an suíomh idirlíne, www.daimhscoil.ie.**

# Dáimhscoil Mhúscraí Uí Fhloinn

An Cheist
Concubhar Ó Liatháin, Cléireach

Tá taithí ag na Gaeil ar nimh idir chomharsain
Ar mharú, ar dhóiteán is ar anachain.
Ceannaíodh ár síocháin le díle uafáis
Go fóill tá clainn is cáirde faoi scath ánbháis.

An sceimhle ón spéir ó mhuir is ó thír
Ar pháistí Ghaza gan peaca ná teimheal
Na trodairí cróga faoi thalamh go doimhin
Lucht ionsaithe Iosrael sa tóir le mí fhoighid.

An domhain ag fáire is lámh lenár mbéal
I bhfad ón chontúirt, priacal ná baol
Tá Gaza ag íoc as fiacha nach leo
Ó loscadh na nIúdach ins na blianta fadó.

An mó duine a bheadh beo gan sléacht Dheireadh Fómhair
An maithfear go deo forghabháil san éagóir
An mbeidh cead fillte ag Pailistínigh i gcéin
Ar mhathair ona scaradh iad fé bhagairt is péin?
An é díoltas an dlí a shásóidh an chraos
Chun fola atá imithe i bhfad thar an maos
An féidir go mbeidh slanú i dTalamh na Naomh
Nó an leathnóidh an chogadh ar fuaid gach aon taobh?








An Ceangal
Dónal Ó Liatháin 'Im Long Mé Measaim'
An dtiocfaidh eochair an Nollaig
A reiteoidh dúinn an ghlas
Go ndéanfaimíd ár gcúrsa
Thar táirsigh amach?

Comharchumann Forbartha Mhúscraí
Údarás na Gaeltachta
Plean Teanga Mhúscraí







**Dip na Nollag, 25th December 2023**

Tá fáilte roimh chách go Dip na Nollag arís an bliain seo mar snámhaí nó mar páirt don lucht féachana! Is imeacht fíor thabhacht an Dip dúinn chun cabhrú leis na costaisí árd a thagann leis an linn á rith ó lá go lá. Is seans iontach don pobal teacht le chéile chomh maith do roinnt craic! Táimíd ag súil go mór le sibh go léir a fheiscint ag an Linn ar Lá na Nollag tar éis Aifreann Cuil Aodha!
Everyone is very welcome to join us for Dip na Nollag again this year...whether you're a swimmer or spectator! Funds raised from the Dip help us greatly with the daily running of the pool while also bringing a community together for some fun and frolics! Looking forward to seeing you all at the pool on Christmas Day after Coolea mass!
**https://www.facebook.com/linnsnamha.chuilaodha**



Crann Nollag inbhuanaithe ag Coiste Bailte Slachtmhara













Margadh na Nollag i gCúil Aodha,
Maisiúcháin nua curtha in airde ag an gCoiste Baile Shlachtmhara & Éigse don chéad scoth aríst i mbliana.
Tá go leor á dhéanamh ag coistí deonacha
New Christmas decorations in the village, and a fantastic Éigse this year. This is so much being done by voluntary committees..

# Baile Mhúirne/Baile Mhic Íre

## Oscailtí oifigiúila agus slán



**Seachbhóthar N22 =**. Bhí sé oscailte go hoifigiúil an 6ú Samhain 2023. Bhí sé go han mhaith go raibh Cór Chúil Aodha ann, ag cur Gaeltacht Mhúscraí chun tosaigh.
Final Section of the N22 Bypass opened on 6 Nov and praise to Cór Chúil Aodha who ensured that that Gaeltacht Mhúscraí was front and central on the day.





**Halla Baile Mhúirne.** Bhí sé oscailte go hoifigiúil an 5ú Samhain 2023. Ag féachaint go hiontach,
Official opening of the much needed Baile Mhúirne Hall took place on Sunday 5th November.



Deireadh ré tagtha ar scoil Abán agus príomhoide **Conchúr Ó Lúasa imithe ar scór.** Bhí Conchúr ag múineadh sa scoil ó 1995 agus ina phríomhoide ar an scoil ó 2012.
The end of an era as Conchúr ó Luasa retires after 28 years of teaching in Scoil Abán Naofa.

Plean Teanga Mhúscraí

# Féile Ghobnait 9-11ú Feabhra 2024








Tá Gobnait ag Glaoch go h'ard arís ag fógairt deireadh seachtaine speisialta ceiliúrtha ina onóir.

Beidh an deireadh seachtaine ag geallúint go mbeidh imeachtaí ilgnéitheach iontach le saibhreas cultúrtha ar siúl i mBaile Mhúirne, an áit inar tháinig sí is a fuair sí 9 gcinn de fhianna bána a bhí á lorg aici agus is anseo a thóg sí a clochar, agus is anseo a mhair sí go dtí go fuair sí bás.

Déanfaidh an fhéile seo ceiliúradh agus comóradh ar Naomh Ghobnait a bhí aisteach, cráifeach, cumhach, cróga agus gan dabht bhí sí naofa agus beannaithe chomh maith.

Beidh seisiúin ceól agus craic againn chomh maith le ceardlainne Beachadóireachta agus gabhadóireachta ina onóir. Tabhairfimid cuireadh díbh teacht agus freastal ar seisiúin blaiseadh bídh agus dí ón ré sin.

Beidh go leor díospóireachtaí, léachtaí is plé againn de shaol is saothar Ghobnait, ach go háirithe beidh ceann dos na buach pointí don fhéile ná go seolfaidh an tEaspag Ó Creatháin don pobal an dealbh nua-choimisiúnaithe 3d de Ghobnait ar an Satharn.

Beidh Ceolchoirm speisialta againn leis an amhránaí iomráiteach Emma Langford is a cuid ceoltóirí oíche Shatharn. Chaith Emma seal inár measc anseo i mBaile Mhúirne mar amhránaí ,scríbhneoir amhrán /ealaíontóir cónaithe. Chuaigh Ghobnait is an áit i bhfeidhm go mor uirthi. Spreag a cuid ama anseo í chun ceoil agus amhráin álainn a chumadh, go h'áirithe amhrán ar leith ar a dtug sí Abigail/Deborah. Beidh pléisiúr ullmhór i ndán díbh má bhíonn sibh i láthair!!

Ar an Domhnach ar a lá fhéile beidh na h'aifrinn mar is gnáth agus beidh tomhas ghobnait faoi lán tseoil sa séipéal. Beidh go leor ribíní gleoite á dtabhairt amach ag an plean teanga ar bhonn ceiliúradh an naoimh.

Tá sé i gceist go mbeidh raidhse mhaith siúlóide treoraithe timpeall na reilige agus an cheantar féin ag tabhairt go leor eolais ar an naomh agus an béaloideas a bhaineann léi.

**Glaoch Ghobnait** Sea go deimhin tá Gobnait ag glaoch i nguth ard agus í ag lorg gach Gobnait atá inár measc anseo i Múscraí, Corcaigh, Ciarraí, Sna hOileáin Árainn, Port Láirge , Gobnait na hÉireann uilig agus sibhse atá scaipthe ar fuaid na cruinne. Tagaigí go Baile Mhúirne inár measc chun páirt a ghlacadh sa deireadh seachtaine ceiliúradh is comóradh agus ní gá dom a rá ach go mbeidh an spórt againn le chéile. Dála an scéil reachtófar ócáid iontas speisialta dár Ghobnait go léir nach nochtfar go dtí Dé Satharn an 10ú Feabhra 2024. Go dtí san Beannachtaí Ghobnait oraibh uilig.

# FOGRAI - NOTICES

## GAEL CHARA

Beidh scéim nua de Ghael Chara ag tosú sa bhliain nua. Beidh oíche eolais i mBéal Átha an Ghaorthaidh

A new round of the scheme, Gael Chara , will be opening up in the New Year.  There will be an information session in Béal Átha an Ghaorthaidh.

## BUN CHLUB CHÚIL AODHA

Bunchlub Chúil Aodha: Beidh OPT, Eibhlín Ní Lionáird ag eagrú cruinniú eolais, ag féachtaint an bhfuil spéis ag tuismitheoirí Bunchlub a ath thosú i gCuil Aodha.

Bunchlub Chúil Aodha. Eibhlín Ní Lionáird, the Language Planning officer, will we organising an information session to see if there is interest in re-starting the Bunchlub in Cúil Aodha.

## CIORCAL COMHRÁ

An bhfuil suim agat páirt a ghlacadh i gCiorcal Comhrá i mBaile Mhúirne? Beidh Éibhlín á thiomáint.

Are you interested in being part of a Ciorcal Comhrá that is starting in Baile Mhúirne? Eibhlín will be leading it.

Plean Teanga Mhúscraí

## TEAGMHÁIL

**Eibhlín Ní Lionáird**
**Oifigeach Pleanála Teanga**
**R'post:  opt@muscrai.org**
**Teil:  083 091 4719**

# Béal Átha an Ghaorthaidh - Húp






## An Tuairín Dubh




Díolta amach sa Everyman faoi dhó. Agus tá CD ar fáil chomh maith.

Tuairín Dubh Musical sold out in the Everyman - twice. And then produced the CD of the great music as well.

**Seoladh Leabhair**
**Book Launch**
**UCC, Cork**

Dé Luain 18 Nollaig 4.00i.n.
Moday 18th December 4pm
Seanchas Chonchúir Uí Éalaithe 1
Eagraithe ag Dr. Pádraig Ó Céilleachair
Aoichainteoir: Máire Áine Uí Aodha
Cá háit/Where? An Seomra Caidrimh, Áras Uí Rathaille (ORB), 4.00pm
Coláiste na hOllscoile Corcaigh/UCC Cork

## Cumann Staire Uibh Laoire




Obair mhór idir lámha ag coistí deonacha

# Béal Átha an Ghaorthaidh

# Ranganna trí Ghaoluinn -Meitheal Teangan





Ranganna fuála, admadóireachta agus corcaireachta



Beidh siad ag dul ar aghaidh aríst tar éis na Nollag.

Classes wil be on offer again after Christmas, depending on interest.

Coiste Forbartha
Béal Átha'n Ghaorthaidh




Obair mhór idir lámha ag coistí deonacha



# An Tuairín Dubh - siúlóid treoirithe









Plean do 2024

Go gcruthóimid Féile Siúlóide

i nGaeltacht Mhúscraí

# Oireachtas na Samhna

Éacht déanta ag daoine óga na háite ag glacadh páirt i gcomórtais an Oireachtais i mbliana. Bhí ár seastán ag cur Gaeltacht Mhúscraí chun cinn.

Plean Teanga Mhúscraí






Grá Mhúscraí






# Réidh na nDoirí



## Bíongó as Gaeilge Gach Céadaoin @ 8pm




Tairgí Lámhdéanta gleoite ar díol, ón Ionad Áise

Beautiful handmade items for sale, all from the group that meet in the Ionad Áise on a regular basis





Eagla roimh thaibhsí ...nó cúrsaí gramadaí? Do rogha!

Scared of ghosts or Irish grammar? Take your pick!









Coiste ag feidhmiú go deonach.
All voluntary committees involved.

# MÚSCRAÍ GLAS





ATHRÚ AERÁIDE
CAD IS FÉIDIR LINN A DHÉANAMH?

Tá a lán rudaí ag tarlú. Conas a bheimid ábalta leas a bhaint astu don cheantar seo?
For example:

- Maighchromhta roghnaithe mar cheantar le dícharbónú
- N22 Tionscnamh taisteal gníomhach
- Scéim RESS- Feirmeacha Gaoithe cístí pobail c.1- 1.5m Conas é a bhainistiú ?

## CRUINNIÚ EOLAIS

**15ú Eanáir 2024:**
**Baile Mhúirne @7.30**
**16ú Eanáir 2024:**
**Béal Átha an Ghaorthaidh @7.30**




CLIMATE CHANGE
WHAT CAN WE DO?

There are lots of things happening in this area. How can we make sure that they benefit Gaeltacht Mhúscraí

- Macroom selected as a Decarbonisation Zone
- N22 Active Travel Project Macroom - Baile Mhúirne
- Wind Farms RESS Schemes Community Funds 1-1.5m yearly How to manage it?

## CRUINNIÚ EOLAIS

**15th January 2024:**
**Baile Mhúirne @7.30**
**16th January 2024:**
**Béal Átha an Ghaorthaidh @7.30**

# 2024

## Guíomid gach rath agus séan ort san athbhliain

Agus cúpla smaointe don Bhliain Nua

Faigheann cos ar siúl rud nach bhfaigheann cos ina cónaí.
'a walking foot comes upon something that a resting foot wouldn't.' The most important thing is to start a journey.

Leagfaidh tua bheag crann mór.
a 'small axe can fell a big tree' a it is possible to do great things through small deeds.

Is fearr clú ná conach.
One's character and good reputation is better than wealth.

Is leor ó mhór a dícheall.
'all one can do is one's best'.

Maireann croí éadrom a bhfad.

A light heart lives long.

Gaeltacht Mhúscraí

Beannachtaí na Nollag oraibh go léir

Tá an nuachtlitir curtha le chéile ag Comharchumann Forbartha Mhúscraí . 'Sé an aidhm atá againn ná blaiseadh a thabhairt ar chuid den obair atá déanta, agus ar siúl, i nGaeltacht Mhúscraí

Comharchumann Forbartha Mhúscraí prepared this newsletter.
The aim is to provide a sample of some of the great work that is going on, and planned within Gaeltacht Mhúscraí

Comharchumann Forbartha Mhúscraí

Plean Teanga Mhúscraí

Grá Mhúscraí

Comharchumann Forbartha Mhúscraí & GTeic
Gteic, Páirc Ghnó Bhéal Átha an Ghaorthaidh
Maighchromtha, Co. Chorcaí P12 PX22

083 191 5432
eolas@muscrai.org
www.muscrai.org

Údarás na Gaeltachta
Gaeltacht na hÉireann
gteic @BÉAL ÁTHA AN GHAORTHAIDH
S20 STRAITÉIS 20 BLIAIN DON GHAEILGE 2010-2030 Ár dTeanga, Ár bPobal
connectedhubs
Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil
Environment, Community and Local Government
PURE CORK
Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council
ESB
muintearas